



Ciorclán 0015/2016

Chuíg: Údaráis Bainistíochta na mBunscoileanna Aitheanta

Sinsearachta Múinteoirí

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna treoir duit na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm atá sa Chiorclán seo maidir leis na critéir leasaithe do sinsearachta múinteoirí buana i mBunscoileanna.

Tagann an ciorclán seo in áit na gCiorclán, meamram, rialacha agus rialachán uile roimhe seo maidir le Sinsearachta múinteoirí i mBunscoileanna, Ciorclán Bunscoile 0002/2004 san áireamh.

1. Tábhacht na Sinsearachta

1.1 Is é an t-ord ina gceaptar múinteoirí in acmhainn bhuan/conradh tréimhse éiginnte (CTÉ) i scoil a shocraíonn sinsearachta múinteoirí. Tá tábhacht ag baint le sinsearachta agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ord ina bhfuil múinteoirí incháilithe le bheith curtha ar an bpainéal ath-implonaithe nuair a thiteann na figiúirí go leordhóthanach go mbíonn gá le deireadh a chur le post agus cinneadh á dhéanamh maidir le cáilitheacht múinteoirí do phost freagrachta gníomhach.

2. Freagracht an Bhoird Bhainistíochta

2.1 Ní féidir le múinteoir a cheapadh in acmhainn bhuan/CTÉ ach amháin sa chás go bhfuil sé/sí cáilithe go hiomchuí agus cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is é an Bord Bainistíochta, bunaithe ar an dáta a thosaigh múinteoir ar dualgas i scoil in acmhainn bhuan/CTÉ, a shocraíonn sinsearachta múinteoirí. Baineann eisceacht leis sin i gcás múinteoir a bheith as láthair go reachtúil nuair a ceapadh é/ í sa phost e.g. saoire mháithreachais, saoire uchtála etc. I gcásanna den tsórt sin tosaíonn sinsearachta an mhúinteora ón dáta nuair ba chóir don mhúinteoir tosú ar dualgas sa scoil in acmhainn bhuan/CTÉ seachas an múinteoir a bheith as láthair ar saoire reachtúil.

2.2 Nuair a dheimhníonn an Bord ord sinsearachta múinteora ní féidir é a athrú gan chead a fháil roimh ré ón bPátrún.

2.3 Ba chóir do gach Bord Bainistíochta a chinntiú go gcuirtear liosta sinsearachta múinteoirí atá fostaithe in acmhainn bhuan/CTÉ ar chlár fógraí na mball foirne i mí Mheán Fómhair gach bliain.

3. Rialacha leis an Sinsearachta a Shocrú

3.1 Is é an Príomhoide an múinteoir is sinsearaí i scoil i gcónaí, is cuma faoin bhfad seirbhíse a thugtar i scoil. Ní féidir le Príomhoide éirí as an bpost mar Phríomhoide agus fanacht fostaithe mar mhúinteoir sa scoil chéanna ach amháin má bhíonn folúntas buan sa scoil. Sa chás go n-éiríonn Príomhoide as an bpost mar Phríomhoide agus go nglacann sé/sí le folúntas buan atá ar fáil i scoil is é/í an múinteoir is sóisearaí sa scoil. Ní chuirtear seirbhís a tugadh roimhe seo sa scoil san áireamh chun críche sinsearachta.

3.2 Stádas na múinteoirí a bhfuil CTÉ acu

Tá stádas fostaíochta ag múinteoir atá fostaithe ar chonradh tréimhse éiginnte arb ionann le múinteoir buan agus bronntar sinsearachta air/ uirthi de réir fhorálacha an chiorcláin seo.

3.3 Ní chuirtear seirbhís a tugadh roimhe seo sa scoil chéanna mar mhúinteoir ionaid nó mar mhúinteoir ar théarma seasta (cáilithe nó neamhcáilithe) san áireamh maidir le sinsearachta.

3.4 Coimeádann múinteoir atá le bheith ath-implonaithe ach a choimeádtar sa scoil ina dhiaidh sin a s(h)insearachta. Is é seo a leanas an t-ord sinsearachta sa chás go dtosaíonn beirt mhúinteoirí nó níos mó in acmhainn bhuan/CTÉ ar an lá céanna:-

- Múinteoir a bhronntar Conradh Tréimhse Éiginnte air/ uirthi sa scoil chéanna
- Múinteoir a cheaptar chuig post buan sa scoil ón bpríomhphainéal ath-implonaithe
- Múinteoir a cheaptar chuig post buan sa scoil ón bpainéal forlíontach
- Múinteoir a cheaptar chuig post buan sa scoil de bharr comórtais oscailte.

3.5 Ord sinsearachta á shocrú sa chás go dtosaíonn beirt mhúinteoirí nó níos mó fostaíocht in acmhainn bhuan/CTÉ ar an lá céanna tríd an modh céanna ceapacháin:-

- Má thosaíonn beirt mhúinteoirí nó níos mó ar dualgas ar an lá céanna i ndiaidh próisis agallóireachta, ba chóir don Bhord Bainistíochta a n-ord sinsearachta a dheimhniú bunaithe ar an ord ina rangáid na múinteoirí sa phróiseas agallóireachta i.e. ba chóir an rangú sinsearachta is airde a thabhairt don mhúinteoir a fuair an rangú is airde tar éis an phróisis agallóireachta.
- Sa chás go dtosaíonn beirt mhúinteoirí nó níos mó ar dualgas ar an lá céanna trí mhodh ceapacháin ar bith eile, ba chóir don Bhord Bainistíochta a n-ord sinsearachta a dheimhniú, ar bhealach atá cothrom agus trédhearcach, agus riachtanais uile na scoile á gcur san áireamh

3.6 Má fhágann múinteoir scoil go deonach nó má dhéantar é/ í a ath-implonú agus ina dhiaidh sin go ndéantar é/ í a athcheapadh chuig an scoil in acmhainn bhuan ag dáta níos déanaí ansin tosóidh sinsearachta an mhúinteora ón dáta nuair a thosaíonn an fhostaíocht arís in acmhainn bhuan.

3.7 Áirítear postroinnt mar sheirbhís iomlán chun críche na sinsearachta. Ní chuireann aon asláithreachtaí ceadaithe e.g. sos gairme, saoire mháithreachais, saoire uchtála, saoire tuismitheora, saoire bhreitheachta isteach ar sinsearachta múinteora.

3.8 Tagann an t-ord sinsearachta atá leagtha amach sa chiorclán seo maidir le cinneadh a dhéanamh faoi bharrachas múinteoirí buana/ a bhfuil CTÉ acu le haghaidh ath-implonaithe in áit na gCiorclán eile uile de chuid na Roinne maidir leis seo.

4. Sinsearachta i Scoil Chónasctha

4.1 I gcás scoil chónasctha, inar thug múinteoir seirbhís bhuan/CTÉ gan bhriseadh go leanúnach i scoil amháin nó níos mó de na scoileanna atá á gcónascadh, áireofar comhiomlán na seirbhíse sin agus an tsinsearachta á dearbhú.

4.2 Coimeádfaidh príomhoide/ príomhoidí a bhíonn mar chúntóir(i) faoi phribhléid a s(h)insearachta agus beidh sé/sí rangaithe i ndiaidh an Phríomhoide, is cuma faoin bhfad seirbhíse ina scoil(eanna) roimhe sin. Sa chás go bhfuil níos mó ná Cúntóir amháin faoi Phribhléid is é an fad seirbhíse mar Phríomhoide den scoil roimhe sin a shocraíonn an t-ord sinsearachta.

4.3 Tosóidh sinsearachta cúntóra faoi phribhléid atá ath-implonaithe tríd an bpainéal nó a bhgann go deonach isteach i scoil ón dáta a thosaítear ar dualgas sa scoil nua.

5. Tuilleadh Eolais

5.1 De réir an ailt thosaigh tá na rialacháin sa chiorclán seo le bheith curtha i bhfeidhm ag an bhfostóir. Dá bhrí sin, ba chóir gach ceist a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús ar mhian leis/ léi dul i gcomhairle lena (h)eagraíocht ionadaíoch, ar mhian léi dá réir sin tuilleadh comhairle a dhéanamh leis an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas:-

teachersna@education.gov.ie

Ba chóir ceisteanna a bhaineann le hath-implonú a chur ar ríomhphost chuig Rannóg Leithdháiltí Múinteoirí ag:-

primaryallocations@education.gov.ie

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie

Alfie Barrett
Príomhoifigeach
Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta
12 Feabhra 2016